Tuilleadh faisnéise:
Dearbhla Bailey
dearbhla.bailey@
oireachtas.ie

Scéim Teanga Sheirbhís Thithe an Oireachtais

Is é an cuspóir atá le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chinntiú go mbeidh seirbhísí ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge ar bhonn níos leithne agus go mbeidh na seirbhísí sin ar ardchaighdeán. Tá Scéim Teanga ag Seirbhís Thithe an Oireachtais, mar chomhlacht ainmnithe faoin Acht, ina sonraítear na seirbhísí a sholáthrófar trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla agus go dátheangach. Tá scéim reatha na Seirbhíse ar fáil ag an nasc:

http://www.oireachtas.ie/parliament/media/Scéim-Gaeilge-STO.pdf

Márta 2018

The Houses of the Oireachtas Service Language Scheme

The objective of the Official Languages Act 2003 is to ensure that services to the public in the Irish language are more widely available and that services in Irish will be of a high standard. The Houses of the Oireachtas Service, as a designated body under the Act, has a language scheme which details the services to be provided through the Irish language, through English and bilingually.

Our current scheme is available at www.oireachtas.ie /parliament/media/HOS-Irish-Language-Scheme.pdf

March 2018

For more information, contact Dearbhla Bailey
dearbhla.bailey@
oireachtas.ie

Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Bliain na Gaeilge 2018

Straitéis Ghaeilge Sheirbhís Thithe an Oireachtais

Houses of the Oireachtas Service Irish Language Strategy

Enjoy the Irish language

Bliain na Gaeilge

Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Réamhrá leis an gCeann Comhairle agus leis an gCathaoirleach

Is tionscnamh *é Bliain na Gaeilge* chun comóradh a dhéanamh ar chothrom 125 bliana ó cuireadh tús le gluaiseacht athbheochana na Gaeilge. Is é an cuspóir atá le Bliain na Gaeilge deiseanna a chruthú le haghaidh saoránach agus grúpaí chun aithne a chur ar an nGaeilge agus taitneamh a bhaint aisti. Tá cuid mhór eagraíochtaí ag tacú le Bliain na Gaeilge agus tá sé beartaithe acu páirt a ghlacadh sa chlár trí imeachtaí a eagrú i rith na bliana. Tabharfar deis do dhaoine ar mian leo a bheith páirteach sa tionscnamh tadhall a dhéanamh, nó a dhéanamh athuair, leis an nGaeilge.

Mar chuid de *Bhliain na Gaeilge* i dTithe an Oireachtais, tá straitéis forbartha againn chun a éascú do Theachtaí Dála, do Sheanadóirí agus do chomhaltaí foirne páirt a ghlacadh in úsáid na Gaeilge ar bhealach dearfach sásúil. Beidh an straitéis, atá ceadaithe ag Coimisiún Thithe an Oireachtais, i bhfeidhm i dteannta Scéim Teanga Sheirbhís Thithe an Oireachtais agus beidh sí á feidhmiú go comhthreomhar leis an Scéim sin.

Straitéis na Gaeilge

Ár bhFís
Timpeallacht fháilteach ina dtugtar deis an Ghaeilge a úsáid.

Ár gCuspóir
Tá sé i gceist againn forbairt de réir a chéile chun gurb eagraíocht dhátheangach fheidhmiúil a bheidh ionainn, eagraíocht ina n-éascófar go gníomhach do Chomhaltaí Thithe an Oireachtais agus don phobal an Ghaeilge a úsáid ina ngnó laethúil.

Ár Straitéisí
I dteannta ár ngealltanas faoinár Scéim Teanga, tá sé i gceist na straitéisí seo a leanas a úsáid chun ár bpríomhchuspóir a dhaingniú agus chun deiseanna a chur ar fáil do chách chun an Ghaeilge a úsáid agus chun taitneamh a bhaint aisti, is cuma cén inniúlacht atá acu inti.

Foireann dhátheangach a earcú	1.	I gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), atá ag teacht aníos, beidh sé mar aidhm againn cur, diaidh ar ndiaidh, le líon na gcomhaltaí foirne dátheangacha i Seirbhís Thithe an Oireachtais. I dtús báire, is ar na bunseirbhísí parlaiminteacha agus ar na tulseirbhísí do Chomhaltaí agus don phobal a dhíreofar agus an aidhm seo á baint amach.
Tacaíocht le haghaidh Comhaltaí le linn díospóireachtaí ar reachtaíocht	2.	D'fhonn díospóireachtaí trí mheán na Gaeilge ar Bhillí sna Tithe a éascú, foilseoimid liostaí téarmaíochta Gaeilge le haghaidh Billí nua agus dáilfimid iad ar Chomhaltaí, ar chomhaltaí foirne agus ar mheitheal preasa an Oireachtais.
Acmhainní agus imeachtaí sóisialta	3.	Cuirfear acmhainní Gaeilge agus deiseanna comhrá Gaeilge ar fáil ar champas an Oireachtais mar imeachtaí rialta. Áireofar ansin, ach an chóiríocht a bheith ar fáil chuige, *Seomra na Gaeilge* mar sheomra ar leith a bheidh dírithe ar dheiseanna a chur ar fáil do Chomhaltaí agus do chomhaltaí foirne rochtain a fháil ar acmhainní Gaeilge agus an teanga a labhairt.
	4.	Cruthóimid *Leabharlann na Gaeilge* agus catalóg léitheoireachta Gaeilge chun cúnamh a thabhairt do Chomhaltaí agus do chomhaltaí foirne a gcuid scileanna léitheoireachta Gaeilge a fheabhsú agus taitneamh a bhaint as litríocht sa Ghaeilge.
	5.	Eagrófar clár d'imeachtaí sóisialta Gaeilge le haghaidh Comhaltaí agus comhaltaí foirne. Beidh béim ar leith ar imeachtaí dátheangacha agus ar imeachtaí dóibh siúd nach bhfuil acu ach an *cúpla focal*.
Comórthaí agus na meáin	6.	Beidh imeachtaí Gaeilge i lár na gcomórthaí céad bliain ar an Vótáil do Mhná agus ar an gCéad Dáil.
	7.	Bunófar naisc le stáisiúin raidió Ghaeilge trí chraoltaí raidió ón Oireachtas, a mbeidh Comhaltaí agus comhaltaí foirne páirteach iontu.

Introduction by the Ceann Comhairle and the Cathaoirleach

Bliain na Gaeilge is an initiative to mark the 125th anniversary of the start of the Irish language revival movement. The objective of *Bliain na Gaeilge* is to create opportunities for citizens and groups to get to know and enjoy the Irish language. Many organisations are supporting *Bliain na Gaeilge* and are planning to participate in the programme by organising events during the year. These events will provide those who wish to become involved with the opportunity to engage, or re-engage, with the Irish language.

In order to mark *Bliain na Gaeilge* in the Houses of the Oireachtas, we have developed a strategy to facilitate TDs, Senators and staff in engaging with the Irish language in a positive and rewarding manner. This strategy, which has been approved by the Houses of the Oireachtas Commission, will run in parallel with, and complement, the Houses of the Oireachtas Service Language Scheme.

Seán Ó Fearghaíl TD
An Ceann Comhairle

Seán Ó Fearghaíl TD
Ceann Comhairle

An Seanadóir Donncha Ó Donnabháin
An Cathaoirleach

Senator Denis O'Donovan
Cathaoirleach

Irish Language Strategy

Our Vision
A welcoming environment in which the use of the Irish language is enabled.

Our Objective
We aim to progressively develop into a functioning bilingual organisation, in which Members of the Houses of the Oireachtas and the public will be actively facilitated in using the Irish language in their day-to-day business.

Our Strategies
Together with our commitments under our Language Scheme, the following strategies are intended to underpin our key objective and to provide opportunities to all to use and enjoy the Irish language, regardless of their level of competency in it.

Recruitment of bilingual staff	1.	In line with the upcoming Official Languages (Amendment) Act, we will aim to progressively increase the cohort of bilingual staff members in the Houses of the Oireachtas Service with a focus initially on core parliamentary services and front-line services for Members and the public.
Support for Members in debating legislation	2.	In order to facilitate debates on Bills in the Houses through the medium of Irish, we will publish terminology lists in Irish for new Bills and distribute them to Members, staff and the Oireachtas press corps.
Resources and social events	3.	Irish language resources and Irish language conversation opportunities will be provided on the Oireachtas campus, in the form of regular events including, depending on availability of accommodation, a dedicated *Seomra na Gaeilge* aimed at providing an opportunity to Members and staff to access Irish language resources and speak the language.
	4.	We will create an Irish language library, *Leabharlann na Gaeilge*, and reading catalogue to assist Members and staff in improving their language reading skills and also enable them to enjoy literature in Irish.
	5.	A programme of Irish language social events will be organised for Members and staff. A primary focus will be on bilingual events and events for those with only the *cúpla focal*.
Commemorations and media	6.	Irish language events will be a key feature of the centenary commemorations on Women's Suffrage and the First Dáil.
	7.	Link-ups with Irish language radio stations will be established through radio broadcasts from the Oireachtas, involving Members and staff.